Údarás na Gaeltachta

# MNÁ NA MARA

## AG CEILIÚRADH ÉACHTAÍ, AG COTHÚ NUÁLAÍOCHTA, AGUS AG CAOMHNÚ OIDHREACHT MHUIRÍ

***Celebrating Achievements, Fostering Innovation, and Preserving Maritime Heritage***



# CLÁR AN LAE | CONFERENCE AGENDA

## Gormfhlaith Ní Thuairisg, Bean an Tí

| Am\| *Time* | Imeacht \| *Event* | Cathaoirleach \| *Chair* |
|---|---|---|
| 08:30 | Clárú \| *Registration*<br>Tae & Caife \| *Tea & Coffee* | |
| 09:00 | Fáiltiú \| *Welcome* | Siobhán Ní Ghadhra,<br>Cathaoirleach,<br>Bord Údarás na Gaeltachta |
| 09:10 | Oscailt \| *Opening* | Timmy Dooley, T.D.<br>Aire Stáit na Mara, Iascaigh agus Léarscáilithe Digití |
| 09:20 | Príomhchainteoir \| *Keynote,*<br>Athrú a Threorú agus Tionchar a Chruthú<br>*Navigating Change and Creating Impact in Maritime* | Marie Gleeson,<br>NavMar Leadership |
| 09:50 | Painéal 1<br>Ag Treorú an Lae Amárach: Sármhaitheas in Oideachas & Taighde Mara,<br>*Leading Tomorrow: Excellence in Maritime Education & Research* | Tomás Ó Síocháin,<br>Príomhfheidhmeannach,<br>Údarás na Gaeltachta |
| 11:00 | Tae & Caife \| Tea & Coffee | |
| 11:30 | Painéal 2<br>Ag Treorú na Taoide: Earnálacha Muirí Inbhuanaithe<br>*Leading the Tide: Building Sustainable Marine Sectors* | Rick Officer,<br>Príomhfheidhmeannach,<br>Marine Institute |
| 12:45 | Painéal 3<br>Oidhreacht Chósta: Áit a dTagann Traidisiún agus Nuálaíocht le Chéile | Dearbháil Ní Chualáin,<br>Stiúrthóir Fiontraíochta, Fostaíochta agus Inbhuanaitheachta,<br>Údarás na Gaeltachta |
| 13:45 | Críoch \| *Conclusion*<br>Lón & Líonrú \| *Lunch & Networking* | |



## GORMFHLAITH NÍ THUAIRISG

Is í Gormfhlaith Ní Thuairisg, iriseoir agus craoltóir cumasach atá ag obair le hos cionn 25 bliain le RTÉ Raidió na Gaeltachta, an bean an tí don lá.

Gormfhlaith Ní Thuairisg, our MC, is an accomplished Irish language journalist and broadcaster with over 25 years of experience with RTÉ Raidió na Gaeltachta.



## SIOBHÁN NÍ GHADHRA

Is í Siobhán Ní Ghadhra, Cathaoirleach Údarás na Gaeltachta, léiritheoir scannán a bhfuil gradam Emmy buaite aici agus úinéir Danú Media, comhlacht léiriúcháin dátheangach i nGaillimh, a thabharfaidh an fáiltiú.

Siobhán Ní Ghadhra, Chairperson of Údarás na Gaeltachta, Emmy award-winning film producer and owner of Danú Media, a bilingual production company in Galway will deliver the welcoming remarks.



## TIMMY DOOLEY T.D.

Is é Timmy Dooley T.D., Aire Stáit na Mara, Iascaigh agus Léarscáilithe Digití a ceapadh le déanaí, a thabharfaidh an óráid tosaigh.

Timmy Dooley TD, newly appointed Minister of State for the Marine, Fisheries and Digital Mapping, will deliver the opening remarks.



# MARIE GLEESON

## NAVMAR LEADERSHIP

Bhí Marie ina ceann de na céad mhná a bhí i gCabhlaigh na hÉireann agus tá breis agus fiche cúig bliana de thaithí i réimse muirí aici. Le linn a gairme míleata, bhí sí ina Captaen ar an LE AOIFE ar an bhfarraige ar feadh dhá bhliain agus bhí sí ar cheann de na céad hoifigigh ban a mhúin an Rang Cabhlaigh agus a chuireadh go Chad leis na Náisiúin Aontaithe.

Thug a taithí agus a traenáil mhíleata léargas uathúil di ar fheidhmíocht daonna a uasmhéadú i dtimpeallachtaí faoi bhrú ard. Ón am a d'fhág sí an Cabhlaigh in 2019, bhí postanna Príomhoifigeach Straitéise sa earnáil sláinte agus Stiúrthóir Gnóthaí Seachtracha le Simply Blue Group, forbróir tionscadal fuinnimh amach ón gcósta, aici.

Is í bunaitheoir NavMar Leadership, comhairleacht shaincheaptha a dhíríonn ar fhactóirí feidhmíochta daonna, straitéis agus ceannaireacht. Is Cóistraeir Feidhmiúcháin cáilithe í agus déanann sí óráidí a dhíríonn ar cheannaireacht, sheasmhacht agus chumarsáid. Rinne Marie staidéar cuimsitheach agus baintear leas as a taithí phraiticiúil agus a heolas teoiriciúil chun tacú le ceannairí agus a bhfoirne san earnáil phoiblí agus chorparáideach.

Is Scoláire 30% Club 2022 í Marie, ag críochnú Dioplóma i nGnáthchúrsaí Corparáideacha ag Scoil Ghnó Smurfit UCD le gradam. Is Stiúrthóir Neamhfheidhmiúcháin í ar Bhord Stáit don Earnáil Iascaigh in Éirinn, Bord Iascaigh Mhara, agus is ionadaí láidir í don Gheilleagar Ghoirm agus do athghiniúint na bpobal cósta. Tá sí ina Stiúrthóir ar Bhord ONE – carthanas a dhéanann abhcóideacht do sheandóirí míleata agus a dteaghlaigh freisin.

Is breá le Marie am a chaitheamh taobh amuigh lena fear céile agus a beirt iníon óga. Tá sí gníomhach i dtraenáil foirne óige CLG agus lúthchleasaíochta, agus is aoibhinn léi bheith ag snámh san fharraige, ag rith agus ag imirt peil Ghaelach.

# MARIE GLEESON

## NAVMAR LEADERSHIP



Marie served as one of the first women in the Irish navy and has over twenty-five years of maritime domain experience. During her military career, she served as Captain of the LE AOIFE at sea for two years, was one of the first female officers to train a Naval Cadet Class, and deployed overseas to Chad with the United Nations. Her military experience and training have given her unique insights into maximizing human performance in high-pressure environments.

Since leaving the navy in 2019, Marie has held the roles of Chief Strategy Officer in the healthcare sector and Director of External Affairs with Simply Blue Group, an Irish offshore renewables project developer. She is the founder of NavMar Leadership, a bespoke consultancy focused on human performance factors, strategy, and leadership. She is also a qualified Executive Coach and a speaker focusing on leadership, resilience, and communication.

Marie has studied extensively and uses both her practical experience and theoretical knowledge to support leaders and their teams in public sector and corporate organizations. She is the 2022 30% Club Scholar, having completed the UCD Smurfit Business School Diploma in Corporate Governance with distinction.

Marie is a Non-Executive Director on the State Board for the Seafood sector in Ireland, Bord Iascaigh Mhara, and is a strong advocate for the Blue Economy and coastal community regeneration. She also serves as a Director on the Board of ONE, a charity advocating for military veterans and their families.

Outside of her professional life, Marie enjoys outdoor activities with her husband and two young daughters. She is involved in coaching underage GAA teams and athletics and loves sea-swimming, running, and playing Gaelic football.

# TOMÁS Ó SÍOCHÁIN

## PRÍOMHFHEIDHMEANNACH, ÚDARÁS NA GAELTACHTA



Is é Tomás Ó Síocháin Príomhfheidhmeannach Údarás na Gaeltachta, gníomhaireacht stáit go bhfuil sí mar aidhm aici an Ghaeilge a láidriú mar theanga bheo sa Ghaeltacht, sa seacht gcondae Gaeltachta le cois í a thabhairt mar oidhreacht don chéad ghlúin eile.

Bhí sé, go dtí 2022, mar Phríomhfheidhmeannach ar Choimisiún Forbartha an Iarthair, gníomhaireacht stáit a bhíonn ag tacú le forbairt réigiún an iarthair agus cósta Atlantach na hÉireann.

Roimhe sin, bhí rólanna sinsearacha aige in Ollscoil na Gaillimhe agus bhí sé ina iriseoir, léiritheoir agus craoltóir le TG4 agus RTÉ idir 1998 agus 2013. Is céimí dlí é, tá MBA aige chomh maith le hArd Dioplóma i gCumarsáid Fheidhmeach. Is stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin é ar GrowRemote, Ardán agus Cultúr Gaillimh.

# ORLA FLYNN

## UACHTARÁN, OTA

Uachtarán ar Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh (OTA) í Dr. Orla Flynn , tar éis a bheith mar Uachtarán ar Institiúid Teicneolaíochta Gaillimh-Maigh Eo ó 2020 go dtí 2022. Roimhe seo, bhí Dr. Flynn mar Leas-Uachtarán ar Ghnóthaí Seachtracha ag Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí (CIT) ar feadh sé bliana, agus róil acadúla ceannaireachta eile i CIT, Ceannasaí ar CIT Coláiste Ealaíne is Deartha Crawford agus Ceann Roinne í ar Scoil na nDaonnachtaí san áireamh.



Tá cáilíochtaí fochéime agus iarchéime ag Dr. Flynn san Fhisic Mhatamaiticiúil agus Eolaíocht Ríomhaireachta ó Choláiste na hOllscoile, Corcaigh, MA i mBainistíocht in Oideachas ó Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge agus PhD ón Scoil Ghnó Kemmy, Ollscoil Luimnigh. Faoi láthair is stiúrthóir í ar na Boird THEA agus HEAnet agus roimhe seo bhí sí mar stiúrthóir ar na cumainn lucht tráchtála i nGaillimh agus i gCorcaigh.



# TOMÁS Ó SIOCHÁIN

## CEO, ÚDARÁS NA GAELTACHTA

Tomás Ó Síocháin is Príomhfheidhmeannach/CEO of Údarás na Gaeltachta, the state agency that supports and develops Irish as the spoken language in the Gaeltacht region across seven counties of Ireland. Údarás supports communities and enterprise to sustain the region, language and its unique global heritage.

Tomás was, until 2022, CEO of the Western Development Commission, the Irish state agency supporting the development of Ireland's Western Region along the Atlantic coast.

Prior to that he held a number of senior roles in University of Galway and was a broadcast journalist, producer and editor with Irish national broadcasters RTÉ and TG4 between 1998 and 2013. A law graduate, he holds an MBA, a Higher Diploma in Applied Communications and is a non-executive director of GrowRemote, Ardán and Galway Culture Company.

# ORLA FLYNN

## PRESIDENT, ATU



Dr Orla Flynn is currently President of Atlantic Technological University (ATU), having been President of Galway-Mayo Institute of Technology from 2020 to 2022. Prior to this Dr Flynn was Vice President for External Affairs at Cork Institute of Technology (CIT) for six years, and held previous academic leadership roles in CIT included Head of CIT Crawford College of Art & Design and Head of School of Humanities.

Dr Flynn holds undergraduate and postgraduate qualifications in Mathematical Physics and Computer Science from University College Cork, an MA in Management in Education from Waterford Institute of Technology, and a PhD from the Kemmy Business School, University of Limerick. She is a current Director on the Boards of THEA and HEAnet and has previously held Director positions on both Cork and Galway Chambers of Commerce.



# ANNE MARIE POWER

## LÉACHTÓIR SINSEARACH/ OLLAMH COMHLACH OLLSCOIL NA GAILLIMHE

Is léachtóir sinsearach/ollamh comhlach í Dr. Anne Marie Power in Ollscoil na Gaillimhe agus is iar-stiúrthóir cúrsa í ar an mBaitsiléir san Eolaíocht Mhuirí. Is bitheolaí muirí í a bhfuil spéis aici i ndaonraí muirí, gliomaigh agus scuideanna a bhíonn á n-iascach ar bhonn tráchtála san áireamh, agus is ball í de ghrúpaí oibre an International Council for the Exploration of the Sea (ICES) a bhaineann leis na stoic seo. Déanann sí taighde ar éiceolaíocht mhuirí freisin, agus faoi láthair tá sí ag obair ar chlár náisiúnta chun ceilp agus bithéagsúlacht i gcoillearta ceilpe Éireannacha a mhapáil.

Tá taithí ceannaireachta aici sa mhúinteoireacht (Céim sa Zó-eolaíocht agus eolaíocht mhuirí, le 10 scoláirí PhD ag céimniú faoina maoirseacht) agus taighde. Tá go leor tionscadail taighde stiúrtha aici ar leibhéal Eorpach agus náisiúnta. Tá iníon ag Anne Maire (13 bliana d'aois). Tá cónaí uirthi sa Ghaeltacht (na Forbacha) le 13 bliana anuas.

# EVELYN O'TOOLE



## PRÍOMHFHEIDHMEANNACH, CLS

Is as an gClochán, Co. na Gaillimhe ó dhúchas í Evelyn agus is í bunaitheoir agus Príomhfheidhmeannach Complete Laboratory Solutions (CLS) í. Ó bunaíodh é i 1994, is é CLS an saotharlann chonarthach is airde creidiúnú in Éirinn, ag soláthar sampláil ar an láthair, tástáil, agus fórsa oibre saotharlainne comhdhéanta de chomhghleacaithe a fuair oiliúint i saotharlanna CLS féin i Rialú Cáilíochta agus Dearbhú Cáilíochta, ag obair i gcomhpháirt le cuideachtaí sna hearnálacha Teicneolaíochta Leighis, Cógaisíochta, Comhshaoil, agus Bia & Dí.

Is ball í Evelyn de Bhord Chumann Teicneolaíocht Leighis na hÉireann agus is ball coiste í den ionad tacaíochta Cancer Care West.

I measc na ngradam eile tá - comhaltacht ó ATU i 2019; Céim Oinigh ó Ollscoil na Gaillimhe in 2020; buaiteoir Fiontraí Tionscail na Bliana EY agus Bean Ghnó na Bliana Irish Tatler in 2017; bronnadh Bean Ghnó Eisceachtúil na Bliana 2016 uirthi ag Líonra na Gaillimhe agus ainmníodh í mar Bean Ghnó WMB na Bliana 2016.

# ANNE MARIE POWER

## SENIOR LECTURER/ASSOCIATE PROFESSOR, UNIVERSITY OF GALWAY



Dr Anne Marie Power is a senior lecturer / associate professor at University of Galway and is a former Course Director of the BSc Marine Science. She is a marine biologist interested in marine populations, including commercially fished lobster and squid and she is a member of the International Council for Exploration of the Sea (ICES) working groups in these stocks. She also researches marine ecology, currently working on a national programme to map kelp and biodiversity in Irish kelp forests.

She has leadership experience in both teaching (Zoology and Marine Science degrees, 10 x PhD students graduated under her supervision) and research, she has led many research projects at European and national levels. Anne Marie has a daughter (13 years old) and she has lived in the Gaeltacht (Furbo) for the last 13 years.

# EVELYN O'TOOLE

## CEO, CLS



A native of Clifden, Co Galway, Evelyn is Founder and CEO of Complete Laboratory Solutions (CLS). Founded in 1994, CLS is the highest accredited contract laboratory in Ireland, providing onsite sampling, testing, and a laboratory workforce consisting of colleagues who have been trained in CLS's own labs in QC and QA, partnering with companies in the MedTech, Pharmaceutical, Environmental, and Food & Beverage sectors.

Evelyn is a member of the Irish Medtech Association Board and a support centre committee member for Cancer Care West.

Other accolades include – fellowship from ATU in 2019; Honorary Degree from University of Galway in 2020; winning Industry EY Entrepreneur of the Year and Irish Tatler Businesswoman of the Year awards in 2017; awarded 2016 Outstanding Businesswoman of the Year by Network Galway and named 2016 WMB Businesswoman of the Year.

# SINÉAD REEN



## LÉACHTÓIR,
## COLÁISTE NÁISIÚNTA MARA NA HÉIREANN

Tá clú ar an gCaptaen Sinéad Reen mar an chéad bhean Éireannach a cháiligh mar mháistir mairnéalaigh. Tá sí ag feidhmiú faoi láthair mar léachtóir in NMCI, tar éis di a bheith mar Cheann Roinne ar Léann Muirí ar feadh roinnt blianta, agus tá sí ag múnlú oideachais mhuirí le breis is scór bliain anuas. Mar chuid dá gairm cheannródaíoch, d'oibrigh sí mar oifigeach deice le comhlachtaí loingseoireachta mór le rá, BP Shipping, P&O Cruises, agus ESSO International ina measc, áit ar dhírigh sí ó dhalta deice go Dara hOifigeach.

Tá sí ag críochnú a MSc i mBainistíocht Mhuirí ó Ollscoil Eolaíochtaí Feidhmeacha Jade sa Ghearmáin, agus tá BSc san Eolaíocht Loingseoireachta aici ó Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan. Lonnaithe ar champas Rinn an Scidígh an Choláiste Náisiúnta Mara in NMCI i gCorcaigh, leanann a héachtaí ceannródaíocha agus a saineolas forleathan muirí ag spreagadh an chéad ghlúin eile de mhairnéalaigh.

# MARGARET RAE

## PRÍOMHFHEIDHMEANNACH,
## KONREE INNOVATION



Tá Margaret ag obair san earnáil mhuirí le scór bliain anuas. Anuraidh, d'éirigh Margaret as a post mar Chathaoirleach agus Comh-Chathaoirleach AE ar Ghrúpa Oibre Micribhithóim Mhuirí an Chomhaontais Taighde an Aigéin Atlantaigh.

Tá PhD ag Margaret sa Cheimic fhisiceach, M.Sc in eolas imshaoil, agus céim B.Sc sa Cheimic agus bithcheimic.

Mar iar-Stiúrthóir ag Foras na Mara in Éirinn, bhain a ról le teagmháil a dhéanamh le heolaithe, innealtóirí, lucht déanta beartas, agus ceannairí gnó maidir le réimsí tosaíochta an Aigéin Atlantaigh, Dobharshaothrú san áireamh, chun cúig threochlár taighde chomhpháirteacha idir Ceanada-an tAontas Eorpach-SAM a fhorbairt. Chaith Margaret seacht mbliana i dtaighde drugaí muirí áit ar tháinig sí ar dtús ar fhadhb fhíorchasta míolta mara i ndobharshaothrú éisc. Is smaointeoir straitéiseach cumasach í Margaret, nuálaí láidir agus duine dírithe ardfheidhmíochta.

# SINÉAD REEN



## LECTURER,
## NATIONAL MARITIME COLLEGE OF IRELAND

Captain Sinéad Reen made Irish maritime history as the first Irish woman to qualify as a master mariner. Currently serving as a lecturer at NMCI, having previously held the position of Head of Department of Maritime Studies for several years, she has been shaping maritime education for over two decades. Her pioneering career includes service as a deck officer with prestigious shipping companies including BP Shipping, P&O Cruises, and ESSO International, where she progressed from deck cadet to Second Officer.

She is completing her MSc in Maritime Management from Jade University of Applied Sciences, Germany, and holds a BSc in Nautical Science from Munster Technological University. Based at NMCI's Ringaskiddy campus in Cork, her groundbreaking achievements and extensive maritime expertise continue to inspire the next generation of seafarers

# MARGARET RAE

## CEO KONREE INNOVATION



Dr. Margaret Rae is the Founder and CEO of Konree Innovation and has worked in the marine sector for the last 20 years. Last year, Margaret stepped down as Chair & EU Co-Chair of the Atlantic Ocean Research Alliance’s Marine Microbiome Working Group.

Margaret has a Ph.D. in Physical Chemistry, an M.Sc. degree in Environmental studies and a B.Sc. degree in Chemistry and Biochemistry.

A former Director at the Marine Institute in Ireland, her role entailed engaging with scientists, engineers, policymakers, and business leaders on Atlantic Ocean priority areas including Aquaculture to develop five Canada-European Union-USA joint research roadmaps. Margaret spent seven years in marine drug discovery where she first came across the wickedly difficult problem of sea lice in fish aquaculture. Margaret is a talented strategic thinker, strong innovator and a focused high achiever.

# RICK OFFICER

## PRÍOMHFHEIDHMEANNACH, FORAS NA MARA



Is é an Dr Rick Officer Príomhfheidhmeannach Fhoras na Mara, gníomhaireacht stáit na hÉireann do thaighde, forbairt teicneolaíochta, agus nuálaíocht mhuirí.
Tá taithí fhorleathan ag an Dr Officer ar iascaigh inbhuanaithe, ag stiúradh cláir thaighde nuálacha agus chomhtháite, agus ag tiomáint comhoibrithe straitéiseacha go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta.

Sular thosaigh sé ag obair le Foras na Mara i 2024, bhí an Dr Officer ina Leas-Uachtarán um Thaighde & Nuálaíocht in Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh, áit ar stiúir sé cumasc agus comhtháthú gníomhaíochtaí Taighde & Nuálaíochta na n-institiúidí teicneolaíochta a bhí ann roimhe sin i nGaillimh-Maigh Eo, Sligeach, agus Leitir Ceanainn.

# CAROLINE BOCQUEL

## PRÍOMHFHEIDHMEANNACH, BORD IASCAIGH MHARA

Is í Caroline Bocquel Príomhfheidhmeannach Bhord Iascaigh Mhara (BIM), Gníomhaireacht Forbartha Bia Mara na hÉireann, post atá aici ó Eanáir 2023. Sular ceapadh mar Phríomhfheidhmeannach í, d'fheidhmigh sí mar Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha BIM.



Le breis is scór bliain de thaithí i róil shinsearacha cheannaireachta trasna na n-earnálacha mara, teicneolaíochta agus poiblí, tá saineolas forleathan ag Caroline i rialachas corparáideach agus i mbainistíocht airgeadais.

Tá an cúlra éagsúil seo trasna na seirbhíse poiblí, na heolaíochta mara, na teicneolaíochta, agus an airgeadais tar éis saineolas cuimsitheach a thabhairt di i gceannaireacht eagraíochtúil, i mbainistíocht airgeadais, agus i rialachas corparáideach san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach araon.

# RICK OFFICER

CEO, MARINE INSTITUTE



Dr Rick Officer is Chief Executive Officer at the Marine Institute, Ireland's state agency for marine research, technology development, and innovation.

Dr Officer has extensive experience in sustainable fisheries, leading innovative and integrated research programmes, and driving strategic collaborations nationally and internationally.

Prior to joining the Marine Institute in 2024, Dr Officer was Vice President for Research & Innovation at Atlantic Technological University, where he led the merger and integration of Research & Innovation activities of the former Galway-Mayo, Sligo, and Letterkenny Institutes of Technology.

# CAROLINE BOCQUEL

CEO, BORD IASCAIGH MHARA



Caroline Bocquel is the Chief Executive Officer of Bord Iascaigh Mhara (BIM), Ireland's Seafood Development Agency, a position she has held since January 2023.

Prior to becoming CEO, she served as BIM's Director of Corporate Services. With over two decades of experience in senior leadership roles across the marine, technology, and public sectors, Caroline brings extensive expertise in corporate governance and financial management.

This diverse background across public service, marine science, technology, and finance has equipped her with comprehensive expertise in organisational leadership, financial management, and corporate governance in both public and private sectors.



# LAURA BRIEN

## PRÍOMHFHEIDHMEANNACH, MARA

Is í Laura Brien Príomhfheidhmeannach Údarás Rialála Limistéar Muirí na hÉireann (MARA). Tá sí i gceannas ar MARA ó bunaíodh é i mí Iúil, 2023. Is é MARA an ghníomhaireacht stáit atá freagrach as maoirseacht rialála ar limistéar muirí na hÉireann, go háirithe cur i bhfeidhm córas nua sruthlínithe toilithe chun tacú le forbairt i limistéar muirí na hÉireann.

Níos luaithe ina gairm, d'oibrigh sí ag cur comhairle ar fhóntais, rialtais agus rialtóirí san earnáil fuinnimh i SAM, san Eoraip, san Áise, san Afraic agus sa Mheánoirthear.

# TERESA MORRISSEY

## FEIDHMEANNACH POLASAÍ, IFA AQUACULTURE



Is comhlacht ionadaíoch comhdhlúite é IFA atá comhdhéanta d'ionadaithe ó gach earnáil de thionscal dobharshaothraithe na hÉireann, áirítear leis seo gach páirtí leasmhar a shaothraíonn iasc, sliogéisc, agus feamainn timpeall chósta na hÉireann.

Díríonn IFA ar ionadaíocht láidir tionscail a sholáthar go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta, ag tacú le feabhsú agus forbairt thionscal dobharshaothraithe na hÉireann agus ag cur gnéithe dearfacha dobharshaothraithe na hÉireann chun cinn.

Is céimí í Teresa san Eolaíocht Chomhshaoil ó Ollscoil na Gaillimhe, agus tá Máistreacht san Eolaíocht Mhuirí aici ó Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh freisin.

Tá saibhreas taithí aici ar a bheith ag obair leis an tionscal dobharshaothraithe in Éirinn le cúig bliana déag anuas, tar éis di a bheith ag obair roimhe seo le Foras na Mara áit a raibh róil aici san Fhoras a bhain le comhairle rialála ar chúrsaí sláinte éisc, taighde eolaíoch ar ghalair uisceacha ag teacht chun cinn agus bainistíocht ar an Saotharlann Tagartha Náisiúnta do ghalair Crústacha.



# LAURA BRIEN

## CEO, MARA

Laura Brien is the Chief Executive of the Irish Maritime Area Regulatory Authority (MARA). She has led MARA since its establishment in July 2023. MARA is the state agency with responsibility for regulatory oversight of Ireland's maritime area, in particular implementation of a new streamlined consenting system to support development in the Irish maritime area.

Earlier in her career she worked advising utilities, governments and regulators in the energy sector in the US, Europe, Asia, Africa and the Middle East.

# TERESA MORRISSEY

## POLICY EXECUTIVE, IFA AQUACULTURE



IFA Aquaculture is a consolidated representative body comprised of representatives from all sectors of the Irish aquaculture industry, this includes all stakeholders that farm fish, shellfish, seaweeds around the coastline of Ireland.

IFA Aquaculture focuses on providing strong industry representation nationally and internationally, supporting the improvement and development of the Irish aquaculture industry and promoting positive aspects of Irish aquaculture.

Teresa is a graduate of Environmental Science from University of Galway, and also holds a Masters in Marine Science from ATU.

She has a wealth of experience of working with the Irish aquaculture industry over the past 15 years, having previously worked with the Marine Institute where previous roles within the Institute involved regulatory advice on fish health matters, scientific research on emerging aquatic diseases and management of the National Reference Laboratory for Crustacean diseases.

# ÚNA BROSNAN



PRÍOMHFHEIDHMEANNACH,
INNOVATIVE CLIMATE SOLUTIONS

Is ceannaire aitheanta í Úna i bhfuinneamh in-athnuaite amach ón gcósta le breis is scór bliain de thaithí a chuimsíonn innealtóireacht, straitéis, agus forbairt ghnó. Mar Leas-Chathaoirleach reatha RenewableUK agus bunaitheoir Innovative Climate Solutions, tá speisialtóireacht aici i bhforbairt gaoithe amach ón gcósta, le saineolas ar leith i dteicneolaíochtaí gaoithe ar snámh agus i gcreataí rialála.

Tá a gairm marcáilte ag a cuid ranníocaíochtaí ceannródaíocha don earnáil gaoithe amach ón gcósta, lena n-áirítear a post mar Cheann Oibríochtaí Amach ón gCósta in Éirinn ag Mainstream Renewable Power agus roimhe sin mar Chomh-Chathaoirleach ar Friends of Floating Offshore Wind. Bhí a cúlra teicniúil mar Bhainisteoir Tionscadail agus mar Phríomh-Innealtóir ag Atkins, mar aon lena fís straitéiseach, lárnach i múnlú beartais agus i dtiomáint nuálaíochta san earnáil fuinnimh in-athnuaite.

# DEBORAH COLEMAN

BAINISTEOIR GNÓTHAÍ SEACHTRACHA,
SSE RENEWABLES



Is speisialtóir rannpháirtíochta páirtithe leasmhara agus gnóthaí poiblí í Deborah Coleman atá ag obair leis an gcomhlacht fuinnimh in-athnuaite SSE Renewables, i gceannas ar chaidreamh seachtrach dá líonra gaoithe amach ón gcósta in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann, a n-áiríonn a dtionscadal suaitheanta Páirc Ghaoithe Bhanc Átha Cliath 2.

Tá taithí fhorleathan aici sna meáin agus i gcumarsáid tar éis di a bheith ag obair mar iriseoir ar feadh breis is cúig bliana déag le heagraíochtaí éagsúla, Independent News & Media ina measc.



# ÚNA BROSNAN

### CEO, INNOVATIVE CLIMATE SOLUTIONS

Úna is a distinguished leader in offshore renewable energy with over 20 years of experience spanning engineering, strategy, and business development. As the current Vice Chair of RenewableUK and founder of Innovative Climate Solutions, she specialises in offshore wind development, with particular expertise in floating wind technologies and regulatory frameworks.

Her career has been marked by pioneering contributions to the offshore wind sector, including serving as Head of Offshore Ireland at Mainstream Renewable Power and previously as Co-Chair of Friends of Floating Offshore Wind. Úna's technical background as a Project Manager and Principal Engineer at Atkins, combined with her strategic vision, has been instrumental in shaping policy and driving innovation in the renewable energy sector.

# DEBORAH COLEMAN

### EXTERNAL AFFAIRS MANAGER, SSE RENEWABLES

Deborah Coleman is a stakeholder engagement and public affairs specialist working with renewable energy company SSE Renewables, leading on external relations for their offshore wind pipeline in Ireland and Northern Ireland, including their flagship Arklow Bank Wind Park 2 project.

She has extensive media and communications experience having worked as a journalist for over 15 years with various outlets including Independent News & Media.





# SINÉAD MCSHERRY

## ARD-RÚNAÍ CÚNTA, AN ROINN TALMHAÍOCHTA, BIA AGUS MARA

Is í Sinéad an tArd-Rúnaí Cúnta do réimsí Mara na roinne a bhfuil a ceanncheathrú lonnaithe san Ionad Náisiúnta Bia Mara, Cloich na Coillte, Co. Chorcaí.

Thosaigh Sinéad ag obair sa Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara i 2021 agus roimhe sin bhí sí ina Ceann ar an mBrainse Speisialta Comhlíonta agus ar Sheirbhís Mhuirí na gCoimisinéirí Ioncaim, Rannán Custam na gCoimisinéirí Ioncaim.

Déileálann réimsí bia mara agus mara na roinne le roinnt earnálacha a bhaineann le hIascaigh Mhara, Dobharshaothrú, Forbairt & Margaíocht Bhia Mara, Próiseáil Bhia Mara, Bainistíocht Acmhainní Iascaigh, forbairt chaipitil Bonneagair Chalafort, Bainistíocht Chalafort Iascaigh, Taighde Mara, Foras na Mara, Bord Iascaigh Mhara (BIM), an tÚdarás um Chosaint Iascaigh Mhara agus gach ábhar a bhaineann le Comhbheartas Iascaigh an AE (CFP).

# DEARBHÁIL NÍ CHUALÁIN

## STIÚRTHÓIR FIONTRAÍOCHTA, FOSTAÍOCHTA AGUS INBHUANAITHEACHTA, ÚDARÁS NA GAELTACHTA



Tá taithí dhomhanda ag Dearbháil i réimse leathan róil cheannaireachta agus bainistíochta.
Tá sí saineolach i réimsí cosúil le bainistiú athruithe, cumaisc agus éadálacha, anailís airgeadais, innealtóireacht, díolacháin, oibríochtaí, forbairt gnó, cúrsaí rialála agus nuálaíocht.

Cuimsíonn saineolas Dhearbháil tionscail éagsúla, bia, gairneoireacht, talmhaíocht, dobharshaothrú, déantúsaíocht, seirbhísí, agus gnólachtaí nuathionscanta ina measc. Tá eolas domhain aici ar reachtaíocht an AE, le béim ar leith ar chomhlíonadh rialála agus ar fhorbairt beartais tionscadal.

Le PhD agus dioplómaí i staitisticí, i mbainistíocht tionscadail, i gceannaireacht straitéiseach, agus in airgeadas aici, agus í ina húdar agus ina comhúdar ar roinnt páipéar eolaíoch, cuireann Dearbháil tacar ilghnéitheach scileanna le tiomantas láidir chun rath gnó a thiomáint.

## SINÉAD MCSHERRY



ASSISTANT SECRETARY GENERAL,
DEPT. OF AGRICULTURE, FOOD & THE MARINE

Sinéad McSherry is the Assistant Secretary General for the Marine areas of the department which has its headquarters at the National Seafood Centre, Clonakilty, Co. Cork.

Sinéad joined the Department of Agriculture, Food and Marine in 2021 and previous to that she was the Head of the Special Compliance Branch and Revenue Maritime Service, Customs Division with the Irish Revenue Commissioners.

The seafood and marine areas of the department deals with a number of sectors relating to Sea Fisheries, Aquaculture, Seafood Development & Marketing, Seafood Processing, Fisheries Resource Management, Harbour Infrastructure capital development, Fishery Harbour Management, Marine Research, Marine Institute, Bord Iascaigh Mhara (BIM), Sea Fisheries Protection Authority and all matters relating to the EU Common Fisheries Policy (CFP).

## DEARBHÁIL NÍ CHUALÁIN



DIRECTOR OF ENTERPRISE, EMPLOYMENT AND SUSTAINABILITY, ÚDARÁS NA GAELTACHTA

Dearbháil has worldwide experience in a range of leadership and managerial roles. She specialises in areas such as change management, mergers and acquisitions, financial analysis, engineering, sales, operations, business development, regulatory affairs, and innovation.

Dearbháil's expertise spans multiple industries, including food, horticulture, agriculture, aquaculture, manufacturing, services, and start-ups. She is highly knowledgeable in EU legislation, with a particular focus on regulatory compliance and the development of project policies.

Holding a PhD and diplomas in statistics, project management, strategic leadership, and finance, along with being an author and co-author of several scientific papers, Dearbháil combines a diverse skill set with a strong commitment to driving business success.



# MAIRÉAD NÍ CHEOINÍN

## COMHALTA BOIRD, COMHLACHT CHALAFORT BHAILE ÁTHA CLIATH

Is as Carna, Conamara, í Mairéad Ní Cheóinín, áit a raibh a hathair, Seán M.Ó. Ceóinín M.O., ag plé le báid thraidisiúnta sheoltóireachta idir Fionnaisc, Carna, agus Gaillimh. Ag fás aníos di i dtraidisiúin mhuirí, bhíodh sí ag seoladh go rialta timpeall na n-oileán áitiúil agus d'fhreastail sí ar Scoil Phobal Mhic Dara.

Tar éis di páirt a ghlacadh sa rás Cutty Sark mar bhall de chriú an Asgard II, rinne Mairéad staidéar ar Staidéar Tráchtála & Muirí in Ollscoil Cardiff. Tá a gairm tar éis síneadh trasna earnálacha muirí, lena n-áirítear róil le hÚdarás Calafort Nua-Eabhrac & New Jersey, IMDO, agus Marine Society Sea Cadets i Londain.

Mar chomhalta boird de Chalafort Bhaile Átha Cliath faoi láthair agus tar éis di a bheith ag obair leis an Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta roimhe seo, tá fréamhacha doimhne ag Mairéad i mbeartas muirí, i gcumarsáid, agus i gcaomhnú cultúrtha. Bhí sí ina comhalta boird ar TG4 ar feadh i bhfad freisin, rud a léiríonn a tiomantas d'oidhreacht chultúrtha na hÉireann.

# AVRIL NÍ SHEARCAIGH

## COMHARCHUMANN FUINNIMH OILEÁIN ÁRANN

Tá Avril ar thús cadhnaíochta i bhforbairt fuinnimh pobail mar Bhainisteoir ar Chomharchumann Fuinnimh Oileáin Árann Teo ó 2018. Mar chéimí ó Ollscoil na Gaillimhe le Baitsiléir sna Dána i gCumarsáid, stiúrann sí tionscnaimh chun réitigh fuinnimh inbhuanaithe a chur chun cinn do phobal Oileáin Árann.

Déanann a ról droichead idir saineolas cumarsáide agus bainistíocht fuinnimh in-athnuaite pobalbhunaithe, ag léiriú an naisc ríthábhachtaigh idir rannpháirtíocht áitiúil agus forbairt inbhuanaithe i bpobail oileáin na hÉireann.





# MAIRÉAD NÍ CHEOINÍN

## BORD MEMBER, DUBLIN PORT COMPANY

Mairéad Ní Cheóinín hails from Carna, Connemara, where her father, Sean M.O'Ceóinín N.T., was involved with traditional sailing boats between Fionnaisc, Carna, and Galway. Growing up steeped in maritime traditions, she sailed regularly around the local islands and attended Scoil Phobal Mhic Dara.

After participating in the Cutty Sark race as part of the Asgard II crew, Mairéad studied Commercial & Maritime Studies at Cardiff University. Her career has spanned maritime sectors, including roles with the Port Authority of New York & New Jersey, IMDO, and the Marine Society Sea Cadets in London.

Currently a board member of Dublin Port and previously working with the International Maritime Organization, Mairéad has deep roots in maritime policy, communications, and cultural preservation. She was also a long-standing member of the TG4 board, reflecting her commitment to Irish cultural heritage.

# AVRIL NÍ SHEARCAIGH

## ARAN ISLANDS ENERGY CO-OP



Avril has been at the forefront of community energy development as Manager of Comharchumann Fuinnimh Oileáin Árann Teo (Aran Islands Energy Co-Op) since 2018.

A graduate of University of Galway with a B.A. in Communications, she leads initiatives to advance sustainable energy solutions for the Aran Islands community.

Her role bridges communications expertise with community-based renewable energy management, demonstrating the vital connection between local engagement and sustainable development in Ireland's island communities.



# MACDARA Ó CUAIG

## FORAS NA MARA

Is é Macdara Ó Cuaig Ceannaire na Foirne Idirchaidrimh Iascaigh i bhForas na Mara faoi láthair, áit a ndéanann sé bainistíocht ar an gClár Samplála ar Farraige ag obair i ndlúthchomhar le hiascairí agus le heolaithe Éireannacha chun sonraí iascaigh a bhailiú ar farraige. Tá spéis aige i mbailiú sonraí amha ardchaighdeáin ó dheic bád iascaireachta tráchtála agus conas is féidir iad seo a chomhtháthú leis an bpróiseas eolaíochta.

Ó thosaigh sé le Foras na Mara, breis is fiche bliain ó shin, d'oibrigh Macdara mar bhreathnóir ar farraige, mar shamplálaí ar an gcladach, reáchtáil sé tionscadail éagsúla chlibeála agus scaoilte chomh maith le pleananna maolaithe iascaigh Natura a fhorbairt san earnáil chladaigh. Bhain na tionscadail seo ar fad le caidreamh díreach a thógáil leis an gcabhlach iascaireachta agus a n-acmhainn/a bhfonn chun sonraí iascaigh a bhailiú a fhorbairt.

Is as Conamara do Mhacdara, agus is cúis mhór bhróid é dó. Thosaigh sé amach ag lorg leanúint na nglúnta a tháinig roimhe mar iascaire cladaigh. Tá BSc aige in Eolaíocht Mhuirí ó Ollscoil na Gaillimhe, Ard-Dioplóma aige i mBainistíocht agus Caomhnú Iascaigh agus MSc in Éiceolaíocht Iascaigh ó Choláiste na hOllscoile Corcaigh.

# CLÍONA MHIC GIOLLA CHUDA

## MEITHEAL TRA NA RINNE



Tá Clíona Mhic Giolla Chuda i mbun gnó na n-oisrí ó 1993 ar aghaidh i gCuan Dhúngarbhán, i nGaeltacht na Rinne i gCo. Phortláirge. Feidhmíonn sí mar bhainisteoir díolacháin, margaíochta agus ginearálta Bia Mara (Déise) Teo., agus taithí mór aici ar ghnéithe gnó agus airgeadais na hearnála.

Leis an Fhrainc agus an Áis is mó a dhíolann Bia Mara a dtáirge na laethanta seo, áit a bhfuil an-éileamh ar oisrí ar ard chaighdeán.

Tá cúlra aici mar chuntasóir cáilithe (FCCA) mar aon le taithí dhíreach sa tionscal, agus saineolas praiticiúil aici i dtógáil gnólachtaí dobharshaothraithe rathúla.



# MACDARA Ó CUAIG

## MARINE INSTITUTE

Macdara Ó Cuaig is currently the Fisheries Liaison Team Leader at the Marine Institute where he manages the At Sea Sampling program working in close co-operation with Irish fishermen and scientists to collect fisheries dependent data at sea. He is interested in the acquisition of good quality raw data from the deck of commercial fishing vessels and how this can be incorporated into the scientific process.

Since starting with the Marine Institute, over 20 years ago, Macdara has worked as an at sea observer, shore based sampler, run various tag and release projects as well as developing Natura fishery mitigation plans within the inshore sector. All of these projects involved building direct relationships with the fishing fleet and building their capacity/inclination to collect fisheries data.

Macdara is a proud Conamara man who started his career as an inshore fisherman following the footsteps of many generations steeped in the maritime culture of the area. He has a BSc Marine Science from the University of Galway, a H.Dip. in Fisheries Management Development and Conservation and a MSc In fisheries ecology from UCC.

# CLÍONA MHIC GIOLLA CHUDA

## WATERFORD OYSTERS



Clíona Mhic Giolla Chuda has been working in the oyster business since 1993 from Dungarvan Harbour, in the Gaeltacht of Ring, Co. Waterford. She works as the sales, marketing and general manager at Bia Mara (Déise) Teo., as well as having a significant amount of experience in business and finance in the sector.

Bia Mara's main buyers come from France and Asia these days, where there is a high demand for high-quality oysters.

She has been an active member of the IFA Aquaculture National Committee for many years.

She has a background as a qualified accountant (FCCA), as well as experience directly in project work, and practical expertise in building successful Aquaculture businesses.

# MÁIRE NÍ ÉINNIÚ



## FEIDHMEANNACH, ÚDARÁS NA GAELTACHTA

Is Feidhmeannach Forbartha Mara le hÚdarás na Gaeltachta í Máire Ní Éinnniú.
Is Cuntasóir Cairte í Máire chomh maith le bheith ina hEacnamaí Comhshaoil, agus tá saineolas ar leith aici ar fhorbairt acmhainní nádúrtha. Tá Máire ag stiúradh péire de phríomhthionscadail straitéiseacha an Údaráis: an pháirc nuálaíochta mara eiseamláireach atá beartaithe i gCill Chiaráin i gCo. na Gaillimhe agus tionscadal Ros an Mhíl, mol straitéiseach d'earnáil an fhuinnimh in-athnuaite amach ón gcósta.

Anuas air sin, bíonn Máire ag tacú le comhlachtaí túschéime le hardphoitéinseal, chomh maith le bheith ag cabhrú le comhlachtaí beaga agus meánmhéide lena gcuid pleananna fáis. Cuimsíonn sé seo teagmháil mhór leis an bpobal i dtaobh cúrsaí mara – creideann sí má bhíonn an tionscal agus gníomhaireachtaí stáit ag obair as lámha a chéile, gur féidir leis an earnáil mhara sa tír seo bláthú.

# MÍCHEÁL MACMONAGAIL

## EOLAÍ ACMHAINNÍ, ARRAMARA

Is Eolaí Acmhainní é an Dr Mícheál Mac Mongáil le Arramara Teo, a bhfuil PhD aige ó Ollscoil na Gaillimhe i mBainistíocht Acmhainní. Tá sé lonnaithe i gConamara ag plé le monatóireacht agus bainistíocht feamainne, go háirithe an duilisc.



Tá taithí fhairsing aige ar úsáid na feamainne mar bhithmhianrach don talmhaíocht, agus bhí a chomhlacht féin aige, Algaebloom, sa Bhreatain Bheag. Fear Gaeltachta é a bhfuil an-chuid taithí aige ar chúrsaí taighde agus ar obair allamuigh, agus é ag díriú ar bhainistíocht inbhuanaithe acmhainní mara na hÉireann.



# MÁIRE NÍ ÉINNIÚ

## MARINE DEVELOPMENT EXECUTIVE, ÚDARÁS NA GAELTACHTA

Máire Ní Einniú is a Marine Development Executive with Údarás na Gaeltachta.
A Chartered Accountant by profession, and an Environmental economist specialising in Natural Resource Development, Máire leads two of Údarás na Gaeltachta most strategic projects, Páirc na Mara, a state-of-the-art, low-carbon marine innovation park in Cill Chiaráin, Co. Galway and Ros a Mhil hub- a Strategic hub for the offshore renewable energy sector.

In her daily role, Máire supports high potential start-ups along with assisting SMEs with their growth plans. This includes extensive community engagement of marine related activities and she believes through working collaboratively with industry and state agencies that the Irish marine sector can flourish.

# MÍCHEÁL MACMONAGAIL

## RESOURCE SCIENTIST, ARRAMARA



Mícheál Mac Monagail is a Resource Scientist at Arramara Teo, holding a PhD from the University of Galway in Resource Management. Based in Connemara, he specializes in monitoring and managing Ascophyllum nodosum (rockweed) along Ireland's west coast.

His expertise spans from innovative seaweed-based biostimulants to environmental conservation, having previously founded West Wales Seaweed Company and worked on invasive species management in Wales. A native Irish speaker, Mícheál combines scientific research with practical fieldwork to ensure sustainable harvesting practices in Ireland's marine resources.

Údarás na Gaeltachta

Nua na MARA
MARINE INNOVATION DEVELOPMENT CENTRE

Marine Institute
Foras na Mara

MARA
An tÚdarás Rialála Limistéir Mhuirí
Maritime Area Regulatory Authority

BIM
Ireland's Seafood Development Agency

Konree Innovation

CLS
Complete Laboratory Solutions

An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara
Department of Agriculture, Food and the Marine

Fuinneamh Oileáin Árann
Aran Islands Energy

Ollscoil na Gaillimhe
University of Galway

ATU
Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh
Atlantic Technological University

sse Renewables

NMCI
National Maritime College of Ireland
Coláiste Náisiúnta Mara na hÉireann

arramara teo
Príomhphróiseálaí feamainne na hÉireann
Ireland's Premier Seaweed Processor

Innovative Climate Solutions Limited

Waterford Oysters
Est. 1990
Meitheal Trá na Rinne Teo

IFA Aquaculture